

Ceistneoir Comhairliúcháin Phoiblí faoi Athbhreithniú ar Cheadúnú do Thiománaithe Beagfeithiclí Seirbhíse Poiblí

Réamhrá

Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar earnáil na mbeagfeithiclí seirbhíse poiblí (BFSP), .i. beagfeithiclí seirbhíse poiblí (tacsaithe agus feithiclí a fhaightear ar tháille go príobháideach, idir hacnaithe agus limisíní), mar aon leis na tiománaithe, úinéirí agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann leo, lena n-áirítear seirbhísí áirithinte. An réasúnaíocht atá le rialáil a dhéanamh ar an earnáil BFSP ná a chinntiú go mbíonn feithicil shábháilte ag paisinéirí dá dturas, is é sin le rá, an t-árachas cuí i bhfeidhm, agus í á tiomáint ag tiománaí atá grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána. Cé go bhfuil cuid mhór gnéithe eile sa chóras foriomlán rialaitheach, is iad seo na príomhghnéithe, agus iad dírithe ar shábháilteacht agus cosaint na bpaisinéirí.

Tá na nithe seo a leanas riachtanach chun ceadúnas a fháil le tacsáí, hacnaí nó limisín a thiomáint in Éirinn:

- (i) Ceadúnas tiomána caighdeánach (lena gcuimsítear tiomáint carranna) gan formhuiniú air;*
- (ii) Pas a fháil sa Tástáil Iontrála do Thiománaithe BFSP;*
- (iii) An fhoirm iarratais riachtanach a líonadh isteach agus an táille chuí a íoc;*
- (iv) A bheith comhlíontach maidir le cúrsaí cánach; agus*
- (v) Deimhniú a bheith faighte ón nGarda Síochána gur duine cuí atá ionat le haghaidh ceadúnais (grinnfhiosrúchán).*

Tá sé beartaithe ag an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat seo le haghaidh ceadúnú tiománaithe, mar aon leis an tástáil, an oiliúint agus an mhonatóireacht ghaolmhar a dhéantar ar thiománaithe, atá i bhfeidhm ó 2009, le measúnú a dhéanamh cibé acu an léirítear riachtanais an lae inniu ann ar bhealach cuí nó nach léirítear.

Tástáil Iontrála do Thiománaithe BFSP

Tugtar an Tástáil Iontrála do Thiománaithe BFSP ar an tástáil ar gá do gach tiománaí tacsaithe, hacnaithe agus limisíní pas a fháil inti. Tá an Tástáil Iontrála do Thiománaithe BFSP ceaptha le tástáil a dhéanamh ar eolas an iarratasóra ar thionscal na mbeagfeithiclí seirbhíse poiblí agus ar eolas geografach an iarratasóra ar an gcontae ina bhfuil sé i gceist aige/aici an ceadúnas a úsáid.

Níl cead ag tiománaí tacsáí atá ceadúnaithe ach seasamh ag stad tacsaithe agus é/í ar fáil ar tháille, nó a bheith stoptha ag duine ar an tsráid ar tháille taobh istigh den chontae a ndearna sé/sí tástáil geografach air/uirthi agus pas faighte aige/aici sa tástáil sin, rud ar a dtugtar an Tástáil ar Eolas Ceantair. Má tá ceadúnas aige/aici cheana féin, caithfidh iarratasóir atá ag iarraidh seasamh nó dul ar lorg gnó i gcontae ar bith eile seachas an ceann ina bhfuil sé/sí ceadúnaithe cheana féin, pas a fháil sa Tástáil ar Eolas Ceantair le haghaidh gach contae breise.

Bíonn an Tástáil Iontrála BFSP déanta ag iarratasóirí i gceann amháin de chúig ionad tástála ar fud na tíre. Agus í ar siúl ar feadh thart ar uair amháin agus 45 nóiméad san iomlán, bíonn 90 ceist in dhá rannán i gceist leis an tástáil. Taispeántar Ceisteanna Ilrogha ar scáileán ríomhaire agus tá ceithre fhreagra fhéideartha ar gach ceist.

Tá 54 ceist sa chéad rannán - an Modúl ar Eolas Tionscail – faoi rialacháin agus an dea-chleachtas sa tionscal tacsaithe, hacnaithe agus limisíní. Tá 36 ceist sa dara rannán den Tástáil Iontrála – an Modúl ar Eolas Ceantair – faoin gcontae inar mian leis an iarratasóir a c(h)eadúnas a úsáid.

Caithfidh iarratasóirí scór 80% nó níos mó a fháil sa dá mhodúl ag an am céanna chun pas a fháil sa Tástáil Iontrála do Thiománaithe BFSP.

Aighneachtaí

Táimid ag lorg do thuairimí ar na socruithe atá ann faoi láthair chun tástáil a dhéanamh ar oiriúnacht iarratasóirí le haghaidh ceadúnais mar thiománaí tacsaithe, hacnaithe nó limisíní. Ar chóir leanúint ar aghaidh leis na socruithe reatha? Nó ar chóir socruithe athmheasta a chur ina n-áit?

Tá sraith ceisteanna ar an leathanach thall a bhfuil freagraí á lorg againn orthu. Ní gá duit freagra a thabhairt ar na ceisteanna go léir agus cuirimid fáilte roimh smaointe eile ar bith atá agat faoin ábhar áirithe seo. D'fhonn plé a chur chun cinn, tá doiciméad gearr ullmhaithe againn ina ndéantar cur síos ar an gcás atá ann faoi láthair maidir le ceadúnú tiománaithe BFSP in Éirinn, in éineacht le heolas ar rialáil agus bainistíocht an tionscail BFSP i dtíortha bainteacha eile, agus aird á díriú ar cheisteanna a bhféadfadh suim ar leith a bheith ag daoine iontu. Tá an plépháipéar seo ar fáil i sa chuid “**Comhairliúchán Reatha**” ar láithreán gréasáin an Údaráis - www.nationaltransport.ie

Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh mar seo a leanas:

1. **Ar Líne:** féach an chuid “Comhairliúchán Reatha” ar láithreán gréasáin an Údaráis www.nationaltransport.ie
2. **Ar ríomhphost:** SPSVDriverEntry@nationaltransport.ie
3. **Sa phost:** Riachtanais Iontrála do Thiománaithe BFSP, Comhairliúchán 2016, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Féadfaidh an tÚdarás aon aighneacht a gheobhaidh sé a fhoilsiú, agus tá an tÚdarás faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014..

An dáta deireanach ar a nglacfar le haighneachtaí - 5:00 i.n., Dé Céadaoin, an 30 Samhain 2016

Ceistneoir

1. Ar chóir go mbeadh tástáil ar leith d'iarratasóirí atá ag iarraidh BFSPanna a thiomáint, nó ar chóir gur leor gnáthcheadúnas tiomána, deimhniú imréitigh cánach agus grinnfhiosrú na nGardaí?
2. Más rud é gur chóir tástáil ar leith a bheith ann le haghaidh tiománaithe BFSP, ar chóir go mbeadh
 - a. cineál amháin ceadúnas tiomána a chuireadh tiomáint na BFSPanna go léir (tacsaithe, limisíní agus hacnaithe); nó
 - b. ar chóir go mbeadh ceadúnas amháin i gceist le haghaidh tiomáint tacsaithe agus ceadúnas difriúil le haghaidh tiomáint hacnaithe agus limisíní? *(Tabhair do d'aire: níl cead ag hacnaithe agus limisíní ach oibriú agus iad curtha in áirithint roimh ré – níl cead acu fanacht ag stadanna tacsaithe ná stopadh ar an tsráid chun paisinéirí a bhailiú gan áirithint a bheith déanta roimh ré.)*
3. An dóigh leat go bhfuil gá le tástáil ar rialáil agus dea-chleachtas an tionscail mar chuid d'iarratas ar thacsaithe, hacnaithe agus limisíní a thiomáint?
4. An dóigh leat gur gá eolas geografach duine ar cheantar nó crios ar leith a thástáil mar chuid d'iarratas ar thacsaithe, hacnaithe agus limisíní a thiomáint?
5. Má tá gá le tástáil ar eolas geografach duine ar cheantar ina mbeadh sé/sí ag obair, ar chóir go mbeadh an ceantar sin bunaithe ar theorainneacha na gcontaetha, mar a dhéantar i láthair na huaire, nó ar chóir na contaetha a dheighilt arís i gcriosanna údaraithe atá níos lú?
6. Ar chóir go mbeadh tástáil ar threalamh loingseoireachta leictreonaí mar chuid den tástáil iontrála?
7. Ar chóir go mbeadh tástáil phraiticiúil tiomána mar chuid den tástáil iontrála?
8. Ar chóir go mbeadh clár praiticiúil ann ar gá d'iarratasóirí pas a fháil ann faoi sheirbhís iompair phoiblí a chur ar fáil do phaisinéirí i gcathaoireacha rothaí; paisinéirí eile a bhfuil cúnamh de dhíth orthu; paisinéirí óga, aosta nó íogaire?
9. Ar chóir go mbeadh modúl ar sheirbhís ghairmiúil do chustaiméirí mar chuid den tástáil iontrála?
10. Ar chóir go mbeadh tástáil phraiticiúil teanga mar chuid den tástáil iontrála chun tástáil a dhéanamh ar líofacht an iarratasóra sa Bhéarla?
11. Ar chóir go mbeadh scrúdú leighis mar chuid de na riachtanais iontrála?
12. Ar chóir go mbeadh clár éigeantach oiliúna ann is gá d'iarratasóirí a chríochnú agus pas a fháil ann sula mbeidh siad údaraithe le beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint?
13. Ar chóir go mbeadh clár foghlama leanúnaí nó forbartha leanúnaí gairmiúla mar choinníoll d'athnuachan ceadúnais?
14. Ar chóir ceadúnas tiománaí BFSP a athnuachan gach bliain, gach trí bliana nó gach cúig bliana?

15. Ar chóir go mbeadh ceangal ar gach iontrálaí nua sa tionscal comhcheangal le hoibreoir seachadta ar feadh tréimhse sheasta tar éis dóibh teacht isteach ann?
16. An dóigh leat gur chóir go mbeadh gnás feistis i bhfeidhm le haghaidh tiománaithe tacsaithe, hacnaithe agus limisíní?
17. An bhfuil aon mholtaí eile agat ba mhaith leat a bheith curtha san áireamh?